SD6640/Eureka 2.18 IRISH 9/3/06 2:56 pm Page 1

Naomh Pádraig agus na nathracha nimhe

Deir ceann de na scéalta faoi Naomh Pádraig gur dhíbir (banished) sé na nathracha nimhe ar fad as Éirinn. Níl anseo ach scéal mar is cosúil nach raibh nathair nimhe riamh in Éirinn. An gcuireann sé sin áthas nó iontas ort? Is ainmhithe an-úsáideacha iad nathracha nimhe. Tá cuid acu go hálainn ó thaobh datha agus dearaidh de. Bíonn marcanna geala ar chraiceann nathracha áirithe ach bíonn dathanna na timpeallachta ar nathracha eile sa chaoi nach féidir iad a fheiceáil. Tugaimid **duaithníocht** (camouflage) air seo.

Tá nathracha nimhe áirithe **i mbaol** (endangered) - níl a lán díobh le fáil ina ngnáthóg (habitat) féin. Is mór an trua é seo mar itheann nathracha **francaigh** (rats) agus lotnaidí (pests) eile agus cabhraíonn sé seo le daoine, go mór mór leis na feirmeoirí.

Tuar cé mhéad duine sa rang ar maith leo nathracha nimhe. Déan suirbhé ar an rang. An raibh do thuar ceart?

eureka

Foilsíonn an Irish Independent Eureka, i gcomhar leis an Ionad Oideachas Eolaíochta ag Coláiste Phádraig, Droim Conrach, BÁC 9, le tacaíocht ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

TAIGHDE & TÉACS: Helena Jeffrey, Paula Kilfeather, Clíona Murphy & Janet Varley.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

AISTRITHEOIR: Bairbre Ní Ógáin
EAGARTHÓIR: John Walshe
DEARADH: Smart Design
SCRÍOBH CHUGAINN:
Debbie Brennan, Eureka, Irish Independent, 27-32 Sraid Thalbóid, BAC 1.
LÍNE DO CHUSTAIMÉIRÍ:
Fón 023 32879
CUIR RÍOMHPHOST CHUIG:
eureka@unison.independent.ie

Gníomhaíocht

Nathracha nimhe san fhéar

Luíonn nathracha áirithe ar chraobhacha na gcrann nó san fhéar ag fanacht leis an gcéad bhéile eile! Nuair a fheiceann siad rud éigin blasta, bogann siad go tapa le breith air. Dear agus déan nathair nimhe a éiríonn go tobann as an bhféar.

BUNÁBHAIR:

- Cairtchlár righin
- Fáiscíní páipéir (cinn le dhá chois orthu)
- Siosúr
- Marcóirí nó pinn fheilte
- Gliú



TREORACHA:

1. Tarraing agus dathaigh píosa féir ar chairtchlár.
2. Tarraing agus dathaigh nathair nimhe ar phíosa eile cairtchláir. (Ar mhaith leat go mbeadh sé éasca nó deacair an nathair a fheiceáil san fhéar?)
3. Gearr amach an nathair. Greamaigh píosa cairtchlár ar chúl na nathrach le gliú. Seo é do **luamhán** (lever).
4. Brúigh an fáiscín páipéir tríd an nathair, tríd an bhféar agus tríd an luamhán. (Féach ar an léaráid.)
5. Brúigh an luamhán síos chun an nathair a ardú, de phreab, as an bhféar.

Fíricí Fónta

- Is féidir eitleoga a úsáid ar a lán bealaí - le haghaidh iascaireachta, chun cairr shleamhnáin (sleighs) agus carráistí (carriages) a tharraingt, fiú chun daoine a shábháil ó longa a bhí ag dul faoi (sinking)!
- Níl mogaill shúile (eyelids) ag nathracha nimhe – mar sin ní féidir leo a súile a dhúnadh ná a chaochadh (blink).
- Cá háit ar eagraigh (organised) daoine an chéad cheiliúradh ar Lá Fhéile Pádraig? Níor tharla sé in Éirinn – tharla sé i mBoston, S.A.M. sa bhliain 1737! Cé mhéad bliain ó shin é sin?
- Tugaimid **reiptílí** ar an gclann ainmhithe lena mbaineann nathracha nimhe. Baineann crogaill (crocodiles) agus laghairteanna (lizards) leis an gclann seo freisin. Cúpla seachtain ó shin, tháinig na Gardaí ar dhaoine a bhí ag tabhairt deich gcrogall isteach in Éirinn i gcúl an chairr. Bíonn imní ar eolaithe faoi dhaoine mar seo - caithfidh daoine aire mhaith a thabhairt d'ainmhithe. Éireoidh na hainmhithe tinn agus gheobhaidh siad bás muna dtugtar aire mhaith dóibh.

Irish Independent eureka

Buaiteoir 2005 - Gradam Domhanda an Léitheora Óig - *Cumann Domhanda na Nuachtán (WAN)*

Imleabhar 2, Eagrán 18
16ú Márta 2006

Irish Independent Forlíonadh Eolaíochta do Scoileanna

Ceiliúradh!

Is é Naomh Pádraig pátrún (patron saint) na hÉireann agus ceapann staraithe (historians) go bhfuair sé bás i nDún Phádraig, Co. an Dúin ar an 17ú Márta, thart ar an mbliain 460 A.D. Ceiliúrann (celebrate) daoine in Éirinn agus thar lear an lá seo gach bliain. Caitheann roinnt daoine an tseamróg agus bíonn brait (flags) na hÉireann le feiceáil ar fud na háite.

Is lá saoire náisiúnta é Lá Fhéile Pádraig. Bíonn féilte (festivals) agus paráidí ar siúl i mbailte ar fud na tíre. Bíonn ceol le cloisteáil agus rince le déanamh. Uaireanta, bíonn cleasghleacaithe (acrobats), lámhchleasaithe (jugglers), péintéireacht aghaidhe agus caisleáin preibe (bouncy castles) mar shiamsaíocht (entertaintainment) ag na féilte. Leanann an ceiliúradh (celebration) ar aghaidh ar feadh cúpla lá in áiteanna.

Bíonn féilte éagsúla ar siúl i dtíortha eile ag an am seo den bhliain freisin. Tús an earraigh agus teacht na dea-aimsire a bhíonn á gceiliúradh go minic. San Áis, bíonn a lán féilte eitleog (kite) acu thart ar an am seo, mar eitlíonn na heitleoga go héasca san aimsir ghaofar.

Is cuid mhór de pharáid Lá Fhéile Pádraig iad na snámháin (floats) agus, ar ndóigh, na nathracha nimhe (snakes). San eagrán seo d'Eureka, foghlaimeoidh tú faoin eolaíocht a bhaineann leis an gceiliúradh a bhíonn againn ar Lá Fhéile Pádraig. Beidh seans agat cuid de ghníomhaíochtaí spraíúla na féile a dhéanamh.

Snámhán (float) ag an bparáid ar Lá Fhéile Pádraig

SD6640/Eureka 2.18 IRISH 9/3/06 2:57 pm Page 2

Is cuid thábhachtach de cheiliúradh Lá Fhéile Pádraig iad na paráidí. Bíonn daoine ag máirseáil, bannaí ceoil ag seinm agus snámháin ag gluaiseacht go mall ar na sráideanna. Cuireann daoine maisiúcháin ar leoraithe nó ar leantóirí (trailers) chun snámháin a dhéanamh.

Brat in airde

Bíonn brait na hÉireann ar crochadh ar fud an domhain ar Lá Fhéile Pádraig. Bíonn cuid acu an-ard ar fad. Ar smaoinigh tú riamh conas a chuireann daoine na brait suas go hard? Bhuel, bíonn orthu **ulóga** (pulleys) a úsáid. Is roth de shórt speisialta iad ulóga. Bíonn siad in ann meáchain throma a ardú. Bíonn siad in ann meáchain éadroma a ardú go háit an-ard freisin, ar nós bratchrainn (flagpole). Bíonn **eitre** (groove) i roth na hulóige i gcónaí. Ní féidir leis an rópa sleamhnú amach as an eitre.

Má tá óstán mór nó foirgneamh poiblí in aice le do theach, tá seans maith ann go bhfuil bratchrainn taobh amuigh de. Breathnaigh ar na bratchrainn má bhíonn tú gar dóibh, agus féach an féidir leat na hulóga a fheiceáil orthu. Cá háit eile a mbeadh ulóga in úsáid?

Gníomhaíocht

Dear agus déan do shnámhán féin



BUNÁBHAIR:

- Bosca ó chalóga arbhair nó a leithéid chun an snámhán féin a dhéanamh
- Rothaí agus acastóirí (axles). Is féidir cinn Lego a úsáid nó déan do chinn féin le spóil (spools) agus bioráin chniotála (knitting needles) nó **slait stainge** (doweling rods)
- Ábhair mhaisiúcháin: páipéar daite, péint, marcóirí agus araile
- Siosúr
- Cairtchlár
- Seilitéip agus/nó gliú

TREORACHA:

1. Greamaigh na rothaí ar na hacastóirí.
2. Greamaigh na hacastoirí le bun an tsnámháin. (Sa léaráid, feicfidh tú bealach amháin chun é seo a dhéanamh; b'fhéidir go mbainfeá triail as bealach eile.)
3. Maisigh do shnámhán agus féach an ngluaiseann sé go héasca.

SMAOINIGH AIR SEO:

Conas a chuirfidh tú do shnámhán ag gluaiseacht?
An bhféadfá balún a úsáid (mar a rinne tú i 'Suas Leat!', Eureka 4)?
Arbh fhearr leat seol a úsáid (mar a rinne tú in Eureka 13, 'Báid & Longa')?
Smaoinigh ar bhealach eile chun an snámhán a chur ag gluaiseacht.

Gníomhaíocht

Dear agus déan ulóg chun brat na hÉireann a ardú

BUNÁBHAIR:

- Boscaí ó chalóga arbhair nó cartáin (cartons) bhainne – déanfaidh tú 'foirgneamh' astu seo
- Spól (mar roth ulóige). Má tá ulóga cearta agat, bain úsáid astu
- Tairne fada nó biorán cniotála – caithfidh an spól casadh air seo
- Snáth (thread) nó téad
- Siosúr
- Seilitéip
- Páipéar don bhrat
- Marcóirí nó péint
- Marla nó blútac



TREORACHA:

1 Tarraing agus dathaigh brat na hÉireann. Cad iad na dathanna a úsáidfidh tú?
2. Gearr amach an brat agus greamaigh é ar an téad.
3. Ceangail dhá cheann (two ends) na téide le chéile chun lúb (loop) a dhéanamh.
4. Cuir an spól ar an tairne / ar an mbiorán. Iarr ar do mhúinteoir nó ar dhuine fásta é a bhrú trí bharr an fhoirgnimh (barr an bhosca).
5. Greamaigh an tairne / an biorán taobh istigh den bhosca le marla.
6 Bí cinnte nach bhfuil aon bhac (obstruction) ar an spól.
7. Cuir lúb na téide agus an brat ar an spól. Ba cheart go mbeadh an brat ag bun an fhoirgnimh ar dtús.
8 Tarraing ar an téad go n-ardóidh tú an brat. Nuair a thagann sé chomh fada le barr an fhoirgnimh, greamaigh an téad le bun an bhosca le marla. Coinneoidh sé seo an brat san áit cheart.
9. Déan iarracht an brat a ísliú - bain úsáid as an ulóg.

SMAOINIGH AIR SEO:

Conas a chabhraíonn ulóg nuair a bhíonn rudaí le hardú agat?
Cén fáth a bhfuil na dathanna sin ar bhrat na hÉireann?

Gníomhaíocht

Cleasghleacaithe

Léigh tú ar leathanach a haon go mbíonn lámhchleasaithe agus cleasghleacaithe i láthair ag na féilte uaireanta. Déan do chleasghleacaí féin agus féach conas a chothramaíonn (balances) sé é féin.

BUNÁBHAIR:

- Cairtchlár righin
- Seilitéip
- Dhá pheann luaidhe
- Téad
- Siosúr
- Marla
- Meáchan de shaghas éigin (d'fhéadfá píosa marla a úsáid)
- Cleasghleacaí déanta as cairtchlár (10cm – 15 cm ar airde)



TREORACHA:

1. Tarraing pictiúr de chleasghleacaí ar chairtchlár agus gearr amach é. Dathaigh é. Caitheann siad éadaí geala de ghnáth.
2. Cuir suas an téad rite (tightrope) mar atá sé sa léaráid. B'fhéidir go mbeadh ar do chairde breith ar na cuaillí (poles) chun iad a choinneáil ina seasamh.
3. Déan iarracht an cleasghleacaí a chothromú ar an téad. An bhfuil sé éasca?
4. Croch meáchan faoin gcleasghleacaí (feach ar an léaráid).
5. An bhfuil sé éasca nó deacair an cleasghleacaí a chothromú anois?

SMAOINIGH AIR SEO:

An bhfuil aon bhealach eile ann chun na cuaillí a choinneáil ina seasamh, seachas (other than) breith orthu? (**Leid:** bain úsáid as breis téide agus marla).
Cothromaíonn an cleasghleacaí nuair a chrochann tú meáchan as. An bhfuil aon bhealach eile ann chun é a chothromú? (**Leid:** tabhair cosa troma dó!)

Eitleoga

Tá daoine ag baint spraoi agus spóirt as eitleoga le 2000 bliain anuas, ar a laghad. Sa tSín, sa tSeapáin agus in áiteanna eile san Áis, bíonn féilte eitleog acu ag an am seo den bhliain chun teacht an earraigh a cheiliúradh. Sórt aerárthaigh (aircraft) is ea eitleog agus bíonn duine nó rud, m.sh. bugaí gainimh (sandbuggy), ar an talamh ag coinneáil greim ar an eitleog.Go minic, bíonn dathanna agus dearaí deasa geala orthu, agus bíonn eireabaill daite ag eitilt taobh thiar díobh.

Tá eitleoga níos troime ná aer – mar sin, cen fáth a bhfanann siad thuas san aer?

Is í an ghaoth atá mar fhoinse fuinnimh (power source) ag an eitleog. Gan an ghaoth ag gluaiseacht thar an eitleog, ní bhogfaidh an eitleog. Nuair nach bhfuil gaoth ann, an féidir leat an eitleog a chur ag eitilt?

Gníomhaíocht

Dear agus déan d'eitleog féin

BUNÁBHAIR:

- Bileog páipéir A4
- Bata adhmaid m.sh taca (support) plandaí / bataí kebab / cipíní itheacháin (chopsticks)
- Marcóirí nó pinn fheilte (felt pens)
- Ribíní nó leathán (sheet) plaisteach daite, agus é gearrtha ina ribíní.
- Píosa fada téide
- Seilitéip

Is iad seo na heireabaill agus ní ligfidh siad don eitleog casadh go tapa (spin).



TREORACHA:

1. Fill (fold) an páipéar mar a fheiceann tú sna léaráidí.
2. Cuir seilitéip ar an bhfilleadh.
3. Greamaigh an bata leis an eitleog le seilitéip mar a fheiceann tú sa léaráid.
4. Greamaigh na ribíní leis an eitleog le seilitéip.
5. Déan poll trian den bhealach síos an liopa (flap).
6. Ceangail an téad tríd an bpoll.
7. Maisigh d'eitleog le haghaidh Lá Fhéile Pádraig.

Anois, tá tú réidh chun d'eitleog a chur ag eitilt. Bí cinnte go bhfuil dóthain spáis agat.

SMAOINIGH AIR SEO:

An mbeadh páipéar síoda (tissue) / páipéar síprise (crepe) / plaisteach níos fearr mar ábhar eitleoige?
An mbeadh sop óil (straw) níos fearr ná an bata adhmaid?
An ndéanann an t-eireaball difríocht? Conas a thástálfá é seo?

AIRE: Ná cuir eitleog ag eitilt in aice le línte cumhachta (power lines) riamh.

Clársheoltóireacht eitleoige

Uaireanta cois trá, feicfidh tú daoine ag taisteal go tapa tríd an uisce agus iad á dtarraingt ag eitleoga an-mhóra (eitleoga le cumhacht). Tá na daoine seo ag déanamh clársheoltóireacht eitleoige (kitesurfing). Seasann siad ar chlár toinne (surfboard) beag san uisce agus tarraingíonn an eitleog iad. Is féidir é seo a dhéanamh sa sneachta freisin agus sa ghaineamh – is féidir seasamh ar chlár sneachta (snowboard) nó ar chlár a bhfuil rothaí air. Tarraingíonn eitleog iad ar fad.